C/2025/507

23.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/507)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Colli Maceratesi'

PDO-IT-A0443-AM02

Dáta na teachtaireachta: 24 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Cineál Colli Maceratesi Ribona Riserva**

Tuairisc: Tabhairt isteach an chineáil Ribona Riserva.

Cúis: Ní haon eisceacht é Colli Maceratesi Ribona agus tá athrú ag teacht ar thraidisiún an fhíona freisin sa mhéid is go n-iarrtar anois rialacha a bhunú maidir le cineál nua fíona arb é is príomhthréith dó tréimhse aosaithe níos faide, neart alcóil níos airde agus próifíl chéadfach le dea-bholaithe casta treasacha, rud a thugann breisluach dó i dtaobh saintréithe orgánaileipteacha, bunaithe ar bhlasanna mianraí agus luibheanna aramatacha triomaithe amhail fíogadán, tae, sáiste agus marós, chomh maith leis an mblas a tháirgtear le cion aigéadachta nádúrtha na bhfíonchaor atá mar bhonn taca faoi bhlas sainiúil an fhíona. Is é an rún láithreach agus straitéiseach atá leis an gcineál 'Riserva' seo a iarraidh an mhargaíocht is fearr a dhéanamh ar an iliomad fíonta Ribona atá á ndíol le blianta tar éis tréimhse shuntasach aosaithe, agus a bhfuil cáilíochtaí inaitheanta an-difriúil acu ó na fíonta óga Ribona a óltar cúpla mí tar éis na buainte, trí na fíonta sin a aithint agus a aicmiú go hoifigiúil. Is mar thoradh ar aitheantas tráchtála agus eolaíoch ar chumas an fhíona seo, a dhéantar as fíonchaora Ribona, feabhsú le haosú na fíonta Riserva sin, rud a d'fhág gurbh fhíon ar leith a bhí i gcónaí ann, amhail na cineálacha Verdicchio agus Pecorino atá an-ghar dó.

Baineann an leasú le hAirteagail 1 go 8 den tsonraíocht táirge agus le ranna 4 agus 5.2 den doiciméad aonair.

2. **Cineál Colli Maceratesi Ribona Riserva Spumante**

Tuairisc: An cineál Colli Maceratesi Ribona Riserva Spumante [cúltaisce shúilíneach] a thabhairt isteach.

Cúis: Tá fíon súilíneach cineálach san áireamh cheana féin sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair; dá gcuirfí an cineál Ribona leis, bheadh sé inaitheanta go soiléir agus doshéanta agus shonrófaí go soiléir tionscnamh na bhfíonchaor a úsáidtear chun an fíon súilíneach a dhéanamh, rud a d'fheabhsódh sainiúlacht an lipéid agus a léireodh an cineál fíonchaoire go soiléir don tomhaltóir. Feabhsaíonn cur isteach an chineáil 'Riserva' cáilíocht an fhíona shúilínigh mar a bhraitheann an tomhaltóir é agus coinníonn sé táirgeoirí ar leibhéal ardcháilíochta.

Baineann an leasú le hAirteagail 1 go 8 den tsonraíocht táirge agus le ranna 4 agus 5.2 den doiciméad aonair.

3. **Cineál Colli Maceratesi Rosso Novello**

Tuairisc: Baint an chineál Colli Maceratesi Rosso Novello [dearg nua].

Cúis: Tá cáilíocht na saintréithe céadfacha neamh-eisceachtúil agus tá iomaíocht trádála gan chiall ann le táirgí Novello eile na hIodáile.

Baineann an leasú le hAirteagail 1 go 8 den tsonraíocht táirge agus le ranna 4 agus 5.2 den doiciméad aonair.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Cineál Ribona Spumante**

Tuairisc: Cuireadh an fhoclaíocht ‘da dosaggio zero a brut’ [ó dháileog nialasach go brut] in ionad an téarma ‘asciutto’ [tirim] sa tuairisc ar an mblas.

Cúis: Léirítear leis an athrú sin saintréithe iarbhír an táirge.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus le roinn 4 den doiciméad aonair.

5. **Tásca fíona Passito**

Tuairisc: Rialacha maidir le fíonóireacht agus aosú.

Cúiseanna: Is coigeartuithe iad sin ar na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear chun a saintréithe suaithinseacha a thabhairt do na fíonta.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

6. **Lipéadú agus cur i láthair**

Tuairisc: I gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, is féidir an téarma ‘Vigna’ agus/nó ainm an limistéir gheografaigh níos leithne ‘Marche’, ina bhfuil an limistéar táirgthe ATFC lonnaithe, a chur leis an lipéad anois.

Cúis: Leis an leasú is féidir faisnéis bheacht a sholáthar maidir le tionscnamh geografach fíonta ag a bhfuil ATFC ‘Colli Maceratesi’.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus le roinn 9 den doiciméad aonair.

7. **Lipéadú agus cur i láthair**

Tuairisc: Sonraíodh go bhfuil toirmeasc ar aon tuairisc a chur leis seachas na cinn dá bhforáiltear go sainráite sa tsonraíocht táirge, lena n-áirítear na haidiachtaí ‘fine’ [breá], ‘scelto’ [den scoth], ‘selezionato’ [galánta] agus aidiachtaí comhchosúla.

Cúiseanna: Tá na téarmaí toirmiscthe sonraithe níos soiléire.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

8. **Pacáistiú agus cur i láthair**

Tuairisc: Tá an rogha formáidí speisialta a úsáid chun críoch cur chun cinn curtha isteach.

Cúis: Leis an athrú sin, tugtar an téacs i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

9. **Pacáistiú agus cur i láthair**

Tuairisc: Ní fhéadfar dúntáin ag a bhfuil caipíní coróin agus fáinne tarraingthe a úsáid.

Cúis: Leis an athrú sin, tugtar an téacs i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

10. **Faisnéis faoin gcomhlacht rialaithe**

Tuairisc: Athrú ar oifig chláraithe an chomhlachta rialaithe Valoritalia s.r.l.

Cúiseanna: D’athraigh an seoladh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Colli Maceratesi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Colli Maceratesi Bianco*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Bianco [geal]: Dath: dath éadrom buí na tuí; Dea-bholadh: éadrom, deas, comhchuí; Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Colli Maceratesi Bianco Passito*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Bianco Passito [geal rísínithe]: Dath: ómra tuí de dhéine éagsúil; Dea-bholadh: tipiciúil de rísíniú, dinimiciúil, dian;

Blas: milis, comhchuí, mín; Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 15,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,00 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Colli Maceratesi Bianco Spumante*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Bianco Spumante [geal súilíneach]: Boilgeoga: mín agus marthanach; Dath: dath éadrom buí na tuí; Dea-bholadh: deas, beagán torthaíoch;

Blas: tirim, deas aigéadach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Colli Maceratesi Ribona*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Ribona: Dath: buí na tuí agus gealáin órga; Dea-bholadh: sainiúil, deas; Blas: tirim, blasta, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Colli Maceratesi Ribona Passito*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Ribona Passito [rísínithe]: Dath: ómra tuí de dhéine éagsúil; Dea-bholadh: tipiciúil de rísíniú, dinimiciúil, dian;

Blas: milis, comhchuí, mín;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 15,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,00 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *Colli Maceratesi Ribona Spumante*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Ribona Spumante [súilíneach]: Boilgeoga: mín agus marthanach; Dath: dath éadrom buí na tuí; Dea-bholadh: deas, beagán torthaíoch;

Blas: ó dháileog nialasach go brut, deas géar;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *Colli Maceratesi Ribona Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Ribona Riserva [cúltaisce]: Dath: buí ar dhath na tuí le déine athraitheach. Dea-bholadh: mín, fíneáilte; Blas: tirim, úr, blasta, tathag measartha, le dríodar atá beagáinín searbh;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,00

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. *Colli Maceratesi Ribona Riserva Spumante*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Ribona Riserva Spumante [cúltaisce shúilíneach] Súilíní: mín agus marthanach; Dath: buí ar dhath na tuí le déine athraitheach; Dea-bholadh: mín, fíneáilte;

Blas: idir dáileog nialasach agus brut, úr, blasta, tathag measartha, le dríodar atá beagáinín searbh;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

9. *Colli Maceratesi Rosso*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Rosso [dearg]: Dath: dath an rúibín; Dea-bholadh: sainiúil, dian; Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

10. *Colli Maceratesi Rosso Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Rosso Riserva [cúltaisce dhearg]:

Dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air uaireanta le haois; Dea-bholadh: deas, casta, beagán dinimiciúil; Blas: blasta, comhchuí, deas tirim;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

11. *Colli Maceratesi Sangiovese*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

'Colli Maceratesi' Sangiovese: Dath: dath an rúibín; Dea-bholadh: sainiúil, dian; Blas: tirim, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Colli Maceratesi Bianco, Colli Maceratesi Bianco Spumante, Colli Maceratesi Bianco Passito, Colli Maceratesi Ribona, Colli Maceratesi Ribona Spumante, Colli Maceratesi Ribona Passito, Colli Maceratesi Rosso, Colli Maceratesi Sangiovese

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Colli Maceratesi Ribona Riserva Spumante

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Colli Maceratesi Rosso Riserva, Colli Maceratesi Ribona Riserva

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn an limistéar ina bhfástar fíonchaora a úsáidtear chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Colli Maceratesi cúige iomlán Macerata agus bardas Loreto i gcúige Ancona.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Franc N. - Cabernet

Cabernet Sauvignon N. - Cabernet

Chardonnay B.

Ciliegiolo N. - Morettone

Grechetto B.

Incrocio Bruni 54 B.

Lacrima N.

Maceratino B. - Ribona

Malvasia Bianca Lunga B. - Malvoisier

Merlot N.

Montepulciano N.

Pecorino B. - Vissanello

Sangiovese N. - Sangioveto

Sauvignon B. - Sauvignon Blanc

Trebbiano Toscano B. - Procanico

Verdicchio Bianco B. - Trebbiano di Soave B.

Vernaccia Nera N. - Vernaccia

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Colli Maceratesi

Tá saothrú fíniúnacha agus táirgeadh fíona araon lar bun eis na céadta bliain i limistéar táirgthe fhíonta ATFC Colli Maceratesi.

Bhí tionchar ag tosca daonna ar rogha na gcineálacha fíonchaoire agus ar fhorbairt na dteicnící saothraithe agus fíonóireachta, atá á bhfeabhsú i gcónaí. Tá fíonta súilíneacha á dtáirgeadh le fada i limistéar Colli Maceratesi, mar a léirítear i roinnt téacsanna ársa. Tá fíonta Passito á dtáirgeadh le fada an lá agus dea-dhoiciméadú déanta air. Tugann an aeráid agus cineál na n-ithreacha, in éineacht le gníomhaíocht an duine, a saintréithe uathúla d'fhíonta Colli Maceratesi.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Tagairt don téarma 'Vigna'

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I lipéadú agus i gcur i láthair fhíonta Colli Maceratesi, féadfar an téarma 'Vigna' a úsáid, ar choinníoll go leanann an logainm ábhartha nó an t-ainm traidisiúnta é, go n-úsáidtear coimeádáin ar leithligh le haghaidh fíonóireachta agus stórála agus go n-áirítear an téarma sin sa tuarascáil ar tháirgeadh fíonchaor agus sna taifid araon agus go bhfuil sé sa liosta réigiúnach iomchuí de bhun na reachtaíochta atá i bhfeidhm.

Ina theannta sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, féadfar an t-ainm geografach níos leithne 'Marche' a úsáid i lipéadú agus i gcur i láthair na bhfíonta, ar choinníoll go bhfuil an t-ainm sin scartha ó ainm geografach an ainmniúcháin agus ón téarma 'DOC'.

Ní mór an téarma 'Marche' a bheith sna carachtair chéanna sa chás uachtair agus/nó sa chás íochtair leis na carachtair a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Colli Maceratesi' agus ní mór airde na gcarachtar a bheith níos mó ná airde na bhfocal 'Colli Maceratesi'. Ní mór na mionsonraí uile a liostaítear sa chéad mhír a bheith ar chúlra aonfhoirmeach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/22240